Cuairt ar an Ungáir

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoin Ungáir. An dtuigeann tú na focail seo a bheidh sa tuairisc?

comóradh	éirí amach	léirsiú	léirsitheoirí
éirí as oifig	bréaga	caimiléir	

Ceist 2 Anois féach ar an tuairisc agus freagair na ceisteanna thíos.

1. Cén fáth go bhfuil Uachtarán na hÉireann san Ungáir?
2. Cé a bhí i láthair ag an gcomóradh?
3. Cé mhéad duine a cuireadh chun báis san éirí amach?
4. Cén fáth go bhfuil léirsitheoirí ar shráideanna Bhudapest inniu?

Ceist 3 Féach ar na habairtí thíos:

Bhailigh mic léinn i lár Bhudapest le léirsiú in aghaidh cheannasaíocht na Sóibhéide sa tír.
Chuir Arm Dearg na Rúise an léirsiú faoi chois.

An féidir leat na habairtí seo a chríochnú? Beidh ort na focail idir lúibíní a athrú.

1. Chuaigh Máire go dtí an búistéir agus _____ sí feoil don dinnéar. (ceannaigh)
2. _____ Seán ar hocht a chlog agus bhí bricfeasta mór aige. (éirigh)
3. _____ Sinéad an teach mar bhí cuairteoirí ag teacht. (glan)
4. Bhí lá breithe ag Cathal agus _____ a mháthair bronntanas deas dó. (tabhair)
5. Bhí tart ar Chaitríona agus _____ sí dhá ghloine uisce. (ól)

Ceist 4 Aréir bhí caismirtí idir póilíní agus léirsitheoirí agus gabhadh *deichniúr*.

10 + duine = deichniúr

An féidir leat na bearnaí thíos a líonadh?

1	10 + duine	deichniúr
2	3 + duine	
3	5 + duine	
4	4 + duine	
5	7 + duine	
6	2 + duine	

Ceist 5 Féach ar an abairt thíos:

'Tá léirsitheoirí an lae inniu san Ungáir *ag lorg* athruithe sa tír.'

An féidir leat na habairtí seo a chríochnú? Beidh ort na focail idir lúibíní a athrú.

1. Tá Pól agus Síle ag _____ teach nua faoi láthair. (tóg)

2. Tá an múinteoir ag ól tae agus ag _____ leabhair. (léigh)

3. Tá na páistí ag _____ cótaí báistí mar tá an aimsir fliuch. (caith)

4. Tá sé a haon a chlog agus tá na hoibrithe ag _____ lóin. (ith)

5. Tá Seán sa stáisiún ag _____ le traein. (fan)

Ceist 6 Bhí Uachtarán na hÉireann san Ungáir do chomóradh an éirí amach. Cén sórt poist é post an uachtaráin? Cad iad na rudaí eile a dhéanann sí gach lá?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1
Tá an cheist seo le déanamh sula seinntear an tuairisc.

comóradh - *commemoration*
éirí amach - *uprising*
léirsiú - *demonstration*
léirsitheoirí - *demonstrators*
éirí as oifig – *to resign*
bréaga - *lies*
caimiléir - *crook*

Ceist 2

1. Tá Uachtarán na hÉireann san Ungáir inniu do chomóradh an éirí amach a tharla sa tír leathchéad bliain ó shin.

2. Bhí ceannairí Stáit ó gach cearn den domhan i láthair don chomóradh.

3. Cuireadh 200 duine chun báis.

4. Teastaíonn uathu go n-éireoidh príomhaire na tíre as oifig. Deir siad gur caimiléir é.

Ceist 3
1. cheannaigh
2. d'éirigh
3. ghlan
4. thug
5. d'ól

Ceist 4
1. deichniúr
2. triúr
3. cúigear
4. ceathrar
5. seachtar
6. beirt

Ceist 5
1. ag tógáil
2. ag léamh
3. ag caitheamh
4. ag ithe
5. ag fanacht

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola

Thar lear anois agus bhí Uachtarán na hÉireann, Máire Mhic Giolla Íosa i mBudapest inniu do chomóradh an éirí amach a tharla san Ungáir leathchéad bliain ó shin. Rinne páirtithe an fhreasúra baghcat ar an searmanas inniu agus bhí sé ina chíréib arís ar shráideanna Bhudapest agus léirsitheoirí ag éileamh ar phríomhaire na tíre éirí as oifig.

Cothrom an lae inniu leathchéad bliain ó shin bhailigh mic léinn i lár Bhudapest le léirsiú in aghaidh cheannasaíocht na Sóibhéide sa tír. Chuir Arm Dearg na Rúise an léirsiú faoi chois go brúidiúil agus maraíodh na mílte. Cuireadh 26,000 duine i bpríosún agus daoradh 200 duine acu sin chun báis. Inniu bhailigh ceannairí Stáit ó gach cearn den domhan i gCearnóg Kossuth do chomóradh an lae inniu, ina measc uachtarán na tíre seo, Máire Mhic Giolla Íosa. Ach cé go bhfuil comóradh á dhéanamh ar léirsitheoirí 1956, tá léirsitheoirí an lae inniu san Ungáir freisin ag lorg athruithe sa tír. Le breis agus mí anuas tá daoine ag bailiú ag tithe na pairliminte ag impí ar phríomhaire na tíre, Ferenc Gyurcsany, éirí as oifig. D'admhaigh sé cúpla seachtain ó shin gur inis sé bréaga faoi staid eacnamaíochta na tíre leis an olltoghchán a ghnóthachtáil. Aréir bhí caismirtí idir póilíní agus léirsitheoirí agus gabhadh deichniúr. Deir na léirsitheoirí go bhfuil an seasamh á thógáil acu i gcuimhne ar na léirsitheoirí a sheas an fód 50 bliain ó shin. Deir siad go bhfuil an príomhaire tar éis loic ar a chuid dualgas agus gur caimiléir é.